Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Feabhra 2024
(OR. en)

6633/24

SOC 111
EMPL 62
SAN 87

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta malartach amháin den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don Danmhairg |

1. De bhun Airteagail 3 agus 4 den Chinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha ar feadh tréimhse 3 bliana.

2. Le Cinneadh uaithi an 24 Feabhra 2022[1], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair. Fágadh, áfach, go raibh comhaltaí agus comhaltaí malartacha áirithe fós le ceapadh tráth is faide anonn.

3. Tá ainmniúchán comhalta mhalartaigh amháin don Danmhairg, den Choiste Chomhairleach athnuaite, faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle, mar a leagtar amach sa dréachtchinneadh ón gComhairle in 6632/24 é[2].

[1] IO C 92, 25.2.2022, lch. 1.
[2] Bailchríoch curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta malartach amháin den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don Danmhairg a ghlacadh mar mhír 'A', agus

(b) a chinneadh go bhfoilseofar an Cinneadh mar fhaisnéis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---